CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/821 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Bealtaine 2022

maidir le himréiteach chuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) le haghaidh na bliana airgeadais 2021

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 3312)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 51 de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ní mór don Choimisiún, ar bhonn na gcuntas bliantúil a chuireann na Ballstáit isteach, mar aon leis an bhfaisnéis is gá chun na cuntais a imréiteach agus tuairim iniúchóireachta maidir le hiomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas agus na dtuarascálacha a leagann na comhlachtaí deimhniúcháin síos, ní mór dó cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin a imréiteach roimh an 31 Bealtaine den bhliain tar éis na bliana airgeadais atá i gceist.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, cuirtear tús leis an mbliain airgeadais ar an 16 Deireadh Fómhair de bhliain N-1 agus tagann deireadh léi an 15 Deireadh Fómhair de bhliain N. Agus cuntais á n-imréiteach le haghaidh na bliana airgeadais 2021, chun an tréimhse thagartha do chaiteachas an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a ailíniú le caiteachas an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), ba cheart caiteachas a thabhaigh na Ballstáit idir an 16 Deireadh Fómhair 2020 agus an 15 Deireadh Fómhair 2021 a chur san áireamh, mar a fhoráiltear in Airteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ([2]) ón gCoimisiún.

(3) Le hAirteagal 33(2), an dara fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, foráiltear go bhfuil na méideanna atá in-aisghabhála ó gach Ballstát nó atá iníoctha leis na Ballstáit, i gcomhréir leis an gcinneadh maidir le himréiteach cuntas dá dtagraítear in Airteagal 33(1) den Rialachán sin, go bhfuil siad le leagan síos trí na híocaíochtaí idirmheánacha le haghaidh na bliana airgeadais lena mbaineann a asbhaint ón gcaiteachas a aithnítear le haghaidh na bliana sin i gcomhréir le hAirteagal 33(1). Tá an Coimisiún leis an méid sin a asbhaint ón gcéad íocaíocht idirmheánach eile nó an méid sin a chur léi.

(4) Sheiceáil an Coimisiún an fhaisnéis a chuir na Ballstáit faoina bhráid agus chuir sé torthaí na seiceálacha in iúl do na Ballstáit, mar aon leis na leasuithe atá molta aige.

(5) I gcás na ngníomhaireachtaí íocaíochta uile, cuireann na cuntais bhliantúla agus na doiciméid tionlacain ar a chumas don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le cruinneas, iomláine agus fírinneacht na gcuntas bliantúil a chuirtear faoina bhráid.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, rialacha maidir le seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 255, 28.8.2014, lch. 59).

(6) I gcomhréir le hAirteagal 83 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), féadfar an sprioc-am le haghaidh íocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 36(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a bhriseadh ar feadh tréimhse 6 mhí ar a mhéad chun fíoruithe breise a dhéanamh tar éis faisnéis a fháil go bhfuil baint ag na híocaíochtaí sin le neamhrialtacht lena ngabhann iarmhairtí tromchúiseacha airgeadais. Agus an Cinneadh seo á ghlacadh, ba cheart don Choimisiún na méideanna a ndéanann an briseadh sin difear dóibh a chur san áireamh chun nach ndéanfar aon íocaíocht mhíchuí nó mhíthráthúil.

(7) De bhun Airteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, rinne an Coimisiún roinnt íocaíochtaí idirmheánacha le haghaidh na bliana airgeadais 2021 a laghdú nó a chur ar fionraí cheana mar gheall ar chaiteachas nach ndearnadh difear dó i gcomhréir le rialacha an Aontais. Leis an gCinneadh seo, ba cheart don Choimisiún na méideanna sin a laghdaíodh nó a cuireadh ar fionraí a chur san áireamh ar bhonn Airteagal 41 den Rialachán sin, chun íocaíochtaí nó aisíocaíochtaí míchuí nó míthráthúla a sheachaint, ar íocaíochtaí iad a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ceartú airgeadais níos déanaí.

(8) Le hAirteagal 36(3), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, déantar foráil go bhfuil íocaíochtaí idirmheánacha le déanamh gan ranníocaíocht iomlán réamhshocraithe CETFT a shárú. De bhun Airteagal 23(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, i gcás ina bhfuil méid iomlán na ndearbhuithe caiteachais níos mó ná an ranníocaíocht iomlán réamhshocraithe le haghaidh clár forbartha tuaithe, ní mór uasteorainn den mhéid réamhshocraithe a chur leis an méid atá le híoc, gan dochar don uasteorainn dá bhforáiltear le hAirteagal 34(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. Beidh an méid teoranta faoi réir aisíocaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún níos déanaí tar éis an phlean airgeadais leasaithe a ghlacadh nó ag deireadh na clárthréimhse.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 75(1), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, tá feidhm ag na rialacha maidir le sprioc-amanna íocaíochta le haghaidh bearta faoin bhforbairt tuaithe i gcomhthéacs an chórais riaracháin agus rialaithe chomhtháite ón mbliain éilimh 2019 ar aghaidh. Leis na laghduithe le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 5a de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ([4]) ón gCoimisiún, leantar an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 40 agus 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus tá siad le cur san áireamh sa Chinneadh seo le haghaidh na bliana airgeadais 2021. Féadfar scrúdú a dhéanamh ar na laghduithe sin, i gcás inarb iomchuí, faoi imeachtaí imréitigh comhréireachta de bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

(10) Leis an gCinneadh seo, ba cheart a chur san áireamh freisin na hacmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(11) De bhun Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann 50 % de na hiarmhairtí airgeadais a eascraíonn ó neamh-aisghabháil neamhrialtachtaí a íoc, mura ndéantar an aisghabháil laistigh de 4 bliana ó dháta an iarrata ar aisghabháil, nó laistigh de 8 mbliana i gcás ina dtugtar an aisghabháil os comhair na gcúirteanna náisiúnta. Le hAirteagal 54(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ceanglaítear ar na Ballstáit tábla a chur i gceangal leis na cuntais bhliantúla nach mór dóibh a chur faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagal 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, ar tábla deimhnithe é lena léirítear na méideanna atá le híoc acu faoi Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. Rialacha maidir le cur i bhfeidhm oibleagáid na mBallstát chun na méideanna atá le haisghabháil a thuairisciú, leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 iad. Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, leagtar amach an tsamhail den tábla nach mór do na Ballstáit a úsáid chun faisnéis a sholáthar faoi na méideanna atá le haisghabháil. Ar bhonn na dtáblaí a líonann na Ballstáit isteach, ba cheart don Choimisiún na hiarmhairtí airgeadais a eascraíonn ó neamh-aisghabháil neamhrialtachtaí atá níos sine ná 4 nó 8 mbliana faoi seach a chinneadh.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347 20.12.2013, lch. 320).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 255, 28.8.2014, lch. 18).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

(12) De bhun Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ar chúiseanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan iarracht a dhéanamh aisghabháil a dhéanamh. Ní féidir cinneadh den sórt sin a dhéanamh ach amháin má tá na costais a tabhaíodh cheana, agus na costais is dócha a thabhófar, níos mó ná an méid atá le haisghabháil, nó má tá an aisghabháil dodhéanta mar gheall ar dhócmhainneacht an fhéichiúnaí nó na ndaoine a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as an neamhrialtacht, ar dócmhainneacht í a chláraítear agus a aithnítear faoin dlí náisiúnta. Má dhéantar an cinneadh laistigh de 4 bliana ó dháta na hiarrata ar aisghabháil, nó laistigh de 8 mbliana i gcás ina dtugtar an aisghabháil os comhair na gcúirteanna náisiúnta, ba cheart 100 % d'iarmhairtí airgeadais an neamh-aisghabhála a íoc as buiséad an Aontais. Na méideanna ar chinn Ballstát ar leith gan iad a ghnóthú agus na forais leis an gcinneadh sin, léirítear iad sa tuarascáil achomair dá dtagraítear in Airteagal 54(4) den Rialachán sin i gcomhar le hAirteagal 102(1), an chéad fhomhír, pointe (c)(iv) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, níor cheart na méideanna sin a ghearradh ar na Ballstáit lena mbaineann agus mar gheall air sin, tá siad le híoc as buiséad an Aontais.

(13) Ba cheart a chur san áireamh leis an gCinneadh freisin na méideanna atá fós le gearradh ar na Ballstáit mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 i ndáil leis an gclárthréimhse 2007-2013 le haghaidh CETFT.

(14) I gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ba cheart don Chinneadh seo a bheith gan dochar do na cinntí a bhféadfadh an Coimisiún a dhéanamh ina dhiaidh sin chun caiteachas nach ndéantar difear dó a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas i gcomhréir le rialacha an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Imréitítear leis seo cuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát a mhéid a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus cuirtear san áireamh freisin na hacmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 58a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, i leith na bliana airgeadais 2021 agus a mhéid a bhaineann leis an gclárthréimhse 2014-2020.

Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo na méideanna is in-aisghabhála ó gach Ballstát, nó is iníoctha le gach Ballstát faoi gach clár forbartha tuaithe de bhun an Chinnidh seo.

Airteagal 2

Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo na méideanna atá le gearradh ar na Ballstáit, mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a bhaineann leis an gclárthréimhse 2014-2020 agus leis an gclárthréimhse 2007-2013 le haghaidh CETFT.

Airteagal 3

Leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo na laghduithe le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí i gcomhréir le hAirteagal 75(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 faoi gach clár forbartha tuaithe.

Airteagal 4

Tá an Cinneadh seo gan dochar do chinntí a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo maidir le himréiteach comhréireachta, ar cinntí iad a bhféadfadh an Coimisiún a dhéanamh de bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 chun caiteachas nach ndéantar difear dó a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Airteagal 5

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Bealtaine 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

Caiteachas imréitithe CETFT arna dhéanamh leis na gclár forbartha Tuaithe le haghaidh na bliana airgeadais 2021

Méid atá le gnóthú ón mBallstát nó an méid atá le híoc leis in aghaidh an chláir

Cláir fhormheasta ag a bhfuil caiteachas dearbhaithe le haghaidh CETFT 2014-2020

In Euro

BS	CCI	Caiteachas 2021	Ceartúcháin	Iomlán	Méideanna neamh-inathúsáidte	Méid glactha atá imréitithe le haghaidh bhliain airgeadais 2021	Íocaíochtaí eatramhacha a aisíocadh leis an mBallstát le haghaidh na bliana airgeadais lena n-áirítear imréiteach réamh-mhaoiniúcháin	An méid atá le gnóthú ón mBallstát (-) nó le híoc leis (+)
		i	ii	iii = i + ii	iv	v = iii - iv	vi	vii = v - vi
AT	2014AT06RDNP001	582 518 267,88	- 2 357 415,00	580 160 852,88	0,00	580 160 852,88	580 160 852,88	0,00
BE	2014BE06RDRP001	45 894 390,32	0,00	45 894 390,32	0,00	45 894 390,32	45 894 386,64	3,68
BE	2014BE06RDRP002	37 296 896,99	0,00	37 296 896,99	0,00	37 296 896,99	37 212 533,35	84 363,64
BG	2014BG06RDNP001	354 648 649,32	0,00	354 648 649,32	0,00	354 648 649,32	354 656 409,06	- 7 759,74
CY	2014CY06RDNP001	22 426 724,11	0,00	22 426 724,11	0,00	22 426 724,11	22 255 454,71	171 269,40
CZ	2014CZ06RDNP001	357 078 537,31	35 831,29	357 114 368,60	0,00	357 114 368,60	357 115 541,07	- 1 172,47
DE	2014DE06RDRN001	905 615,76	0,00	905 615,76	0,00	905 615,76	905 615,76	0,00
DE	2014DE06RDRP003	114 951 842,17	0,00	114 951 842,17	0,00	114 951 842,17	114 954 442,64	- 2 600,47
DE	2014DE06RDRP004	145 887 903,49	127 088,09	146 014 991,58	0,00	146 014 991,58	146 014 991,58	0,00
DE	2014DE06RDRP007	154 443 120,56	0,00	154 443 120,56	0,00	154 443 120,56	154 443 153,77	- 33,21
DE	2014DE06RDRP010	47 762 220,88	0,00	47 762 220,88	0,00	47 762 220,88	47 763 128,08	- 907,20
DE	2014DE06RDRP011	128 063 669,30	0,00	128 063 669,30	0,00	128 063 669,30	128 063 669,30	0,00
DE	2014DE06RDRP012	160 026 424,74	0,00	160 026 424,74	0,00	160 026 424,74	160 026 424,74	0,00
DE	2014DE06RDRP015	113 041 326,14	0,00	113 041 326,14	0,00	113 041 326,14	113 032 779,87	8 546,27
DE	2014DE06RDRP017	49 687 474,46	0,00	49 687 474,46	0,00	49 687 474,46	49 719 306,46	- 31 832,00
DE	2014DE06RDRP018	5 159 059,74	0,00	5 159 059,74	0,00	5 159 059,74	5 159 059,74	0,00
DE	2014DE06RDRP019	157 764 389,75	0,00	157 764 389,75	0,00	157 764 389,75	157 764 442,38	- 52,63
DE	2014DE06RDRP020	121 201 291,83	0,00	121 201 291,83	0,00	121 201 291,83	121 201 291,83	0,00
DE	2014DE06RDRP021	59 064 754,53	0,00	59 064 754,53	0,00	59 064 754,53	59 064 759,03	- 4,50
DE	2014DE06RDRP023	95 943 280,90	0,00	95 943 280,90	0,00	95 943 280,90	95 969 678,82	- 26 397,92

In Euro

BS	CCI	Caiteachas 2021	Ceartúcháin	Iomlán	Méideanna neamh-inathúsáidte	Méid glactha atá imréitithe le haghaidh bhliain airgeadais 2021	Íocaíochtaí eatramhacha a aisíocadh leis an mBallstát le haghaidh na bliana airgeadais lena n-áirítear imréiteach réamh-mhaoiniúcháin	An méid atá le gnóthú ón mBallstát (-) nó le híoc leis (+)
		i	ii	iii = i + ii	iv	v = iii - iv	vi	vii = v - vi
DK	2014DK06RDNP001	116 923 864,08	0,00	116 923 864,08	0,00	116 923 864,08	117 088 700,78	- 164 836,70
EE	2014EE06RDNP001	105 812 911,92	0,00	105 812 911,92	0,00	105 812 911,92	105 818 416,27	- 5 504,35
ES	2014ES06RDNP001	53 654 358,09	0,00	53 654 358,09	0,00	53 654 358,09	53 648 864,40	5 493,69
ES	2014ES06RDRP001	246 046 963,84	0,00	246 046 963,84	0,00	246 046 963,84	246 046 234,52	729,32
ES	2014ES06RDRP002	67 647 760,67	0,00	67 647 760,67	0,00	67 647 760,67	67 647 798,60	- 37,93
ES	2014ES06RDRP003	33 390 936,87	0,00	33 390 936,87	0,00	33 390 936,87	33 392 765,28	- 1 828,41
ES	2014ES06RDRP004	6 207 227,74	0,00	6 207 227,74	0,00	6 207 227,74	6 207 227,55	0,19
ES	2014ES06RDRP005	13 934 213,86	0,00	13 934 213,86	0,00	13 934 213,86	13 934 213,86	0,00
ES	2014ES06RDRP006	6 015 650,27	0,00	6 015 650,27	0,00	6 015 650,27	6 015 819,07	- 168,80
ES	2014ES06RDRP007	164 640 732,23	0,00	164 640 732,23	0,00	164 640 732,23	164 639 164,28	1 567,95
ES	2014ES06RDRP008	132 951 141,71	0,00	132 951 141,71	0,00	132 951 141,71	132 943 296,57	7 845,14
ES	2014ES06RDRP009	55 045 490,73	0,00	55 045 490,73	0,00	55 045 490,73	55 045 493,95	- 3,22
ES	2014ES06RDRP010	135 102 496,54	0,00	135 102 496,54	0,00	135 102 496,54	135 102 452,81	43,73
ES	2014ES06RDRP011	125 501 713,36	0,00	125 501 713,36	0,00	125 501 713,36	125 501 690,66	22,70
ES	2014ES06RDRP012	17 525 152,41	0,00	17 525 152,41	0,00	17 525 152,41	17 545 281,98	- 20 129,57
ES	2014ES06RDRP013	27 354 546,47	0,00	27 354 546,47	0,00	27 354 546,47	27 354 546,46	0,01
ES	2014ES06RDRP014	17 053 672,96	0,00	17 053 672,96	0,00	17 053 672,96	17 053 672,89	0,07
ES	2014ES06RDRP015	12 101 102,77	0,00	12 101 102,77	0,00	12 101 102,77	12 101 112,82	- 10,05
ES	2014ES06RDRP016	9 938 494,98	0,00	9 938 494,98	0,00	9 938 494,98	9 938 490,74	4,24
ES	2014ES06RDRP017	25 332 191,23	0,00	25 332 191,23	0,00	25 332 191,23	25 333 115,43	- 924,20
FI	2014FI06RDRP001	425 151 672,38	0,00	425 151 672,38	0,00	425 151 672,38	425 154 642,26	- 2 969,88
FI	2014FI06RDRP002	3 004 605,06	0,00	3 004 605,06	0,00	3 004 605,06	3 005 028,09	- 423,03
FR	2014FR06RDNP001	153 868 274,99	0,00	153 868 274,99	0,00	153 868 274,99	153 868 274,99	0,00
FR	2014FR06RDRN001	4 506 415,29	0,00	4 506 415,29	0,00	4 506 415,29	4 506 415,29	0,00
FR	2014FR06RDRP001	22 624 887,47	0,00	22 624 887,47	0,00	22 624 887,47	22 624 887,46	0,01
FR	2014FR06RDRP002	15 070 767,57	0,00	15 070 767,57	0,00	15 070 767,57	15 070 767,56	0,01
FR	2014FR06RDRP003	18 093 393,08	0,00	18 093 393,08	0,00	18 093 393,08	18 093 393,08	0,00

In Euro

BS	CCI	Caiteachas 2021	Ceartúcháin	Iomlán	Méideanna neamh-inathúsáidte	Méid glactha atá imréitithe le haghaidh bhliain airgeadais 2021	Íocaíochtaí eatramhacha a aisíocadh leis an mBallstát le haghaidh na bliana airgeadais lena n-áirítear imréiteach réamh-mhaoiniúcháin	An méid atá le gnóthú ón mBallstát (-) nó le híoc leis (+)
		i	ii	iii = i + ii	iv	v = iii - iv	vi	vii = v - vi
FR	2014FR06RDRP004	74 901 043,84	0,00	74 901 043,84	0,00	74 901 043,84	74 901 043,86	- 0,02
FR	2014FR06RDRP006	5 926 281,16	0,00	5 926 281,16	0,00	5 926 281,16	5 926 281,16	0,00
FR	2014FR06RDRP011	7 628 078,15	0,00	7 628 078,15	0,00	7 628 078,15	7 628 078,16	- 0,01
FR	2014FR06RDRP021	34 660 886,68	140 308,63	34 801 195,31	0,00	34 801 195,31	34 801 195,31	0,00
FR	2014FR06RDRP022	21 923 128,85	0,00	21 923 128,85	0,00	21 923 128,85	21 923 128,86	- 0,01
FR	2014FR06RDRP023	14 904 815,48	0,00	14 904 815,48	0,00	14 904 815,48	14 904 815,47	0,01
FR	2014FR06RDRP024	54 718 070,73	0,00	54 718 070,73	0,00	54 718 070,73	54 710 571,69	7 499,04
FR	2014FR06RDRP025	57 580 378,68	1 572 462,50	59 152 841,18	0,00	59 152 841,18	59 152 841,16	0,02
FR	2014FR06RDRP026	81 978 194,63	0,00	81 978 194,63	0,00	81 978 194,63	81 978 194,65	- 0,02
FR	2014FR06RDRP031	18 712 755,19	0,00	18 712 755,19	0,00	18 712 755,19	18 712 755,20	- 0,01
FR	2014FR06RDRP041	61 821 975,05	0,00	61 821 975,05	0,00	61 821 975,05	61 821 975,04	0,01
FR	2014FR06RDRP042	15 368 807,20	0,00	15 368 807,20	0,00	15 368 807,20	15 368 807,21	- 0,01
FR	2014FR06RDRP043	67 423 357,60	0,00	67 423 357,60	0,00	67 423 357,60	67 423 357,56	0,04
FR	2014FR06RDRP052	68 229 540,42	591 932,10	68 821 472,52	0,00	68 821 472,52	68 821 472,51	0,01
FR	2014FR06RDRP053	49 652 907,17	0,00	49 652 907,17	0,00	49 652 907,17	49 652 907,19	- 0,02
FR	2014FR06RDRP054	63 016 589,46	0,00	63 016 589,46	0,00	63 016 589,46	63 016 589,47	- 0,01
FR	2014FR06RDRP072	93 514 605,81	0,00	93 514 605,81	0,00	93 514 605,81	93 514 605,78	0,03
FR	2014FR06RDRP073	234 750 250,01	0,00	234 750 250,01	0,00	234 750 250,01	234 750 250,03	- 0,02
FR	2014FR06RDRP074	93 317 892,03	0,00	93 317 892,03	0,00	93 317 892,03	93 317 892,01	0,02
FR	2014FR06RDRP082	190 160 207,11	0,00	190 160 207,11	0,00	190 160 207,11	190 160 207,10	0,01
FR	2014FR06RDRP083	205 370 301,05	0,00	205 370 301,05	0,00	205 370 301,05	205 370 301,09	- 0,04
FR	2014FR06RDRP091	100 220 371,03	0,00	100 220 371,03	0,00	100 220 371,03	100 220 371,07	- 0,04
FR	2014FR06RDRP093	81 750 400,30	- 195 483,76	81 554 916,54	0,00	81 554 916,54	81 554 916,54	0,00
FR	2014FR06RDRP094	20 831 695,08	0,00	20 831 695,08	0,00	20 831 695,08	20 824 949,90	6 745,18
EL	2014GR06RDNP001	635 813 399,96	0,00	635 813 399,96	0,00	635 813 399,96	635 813 399,91	0,05
HR	2014HR06RDNP001	382 288 421,47	0,00	382 288 421,47	0,00	382 288 421,47	382 157 873,37	130 548,10
HU	2014HU06RDNP001	577 375 458,83	- 794 269,65	576 581 189,18	0,00	576 581 189,18	576 581 201,45	- 12,27

In Euro

BS	CCI	Caiteachas 2021	Ceartúcháin	Iomlán	Méideanna neamh-inathúsáidte	Méid glactha atá imréitithe le haghaidh bhliain airgeadais 2021	Íocaíochtaí eatramhacha a aisíocadh leis an mBallstát le haghaidh na bliana airgeadais lena n-áirítear imréiteach réamh-mhaoiniúcháin	An méid atá le gnóthú ón mBallstát (-) nó le híoc leis (+)
		i	ii	iii = i + ii	iv	v = iii - iv	vi	vii = v - vi
IE	2014IE06RDNP001	344 649 872,01	0,00	344 649 872,01	0,00	344 649 872,01	344 649 872,01	0,00
IT	2014IT06RDNP001	118 248 508,07	0,00	118 248 508,07	0,00	118 248 508,07	118 251 816,65	- 3 308,58
IT	2014IT06RDRN001	8 260 339,12	0,00	8 260 339,12	0,00	8 260 339,12	8 260 339,11	0,01
IT	2014IT06RDRP001	30 535 101,20	0,00	30 535 101,20	0,00	30 535 101,20	30 542 032,64	- 6 931,44
IT	2014IT06RDRP002	20 187 241,84	0,00	20 187 241,84	0,00	20 187 241,84	20 187 241,64	0,20
IT	2014IT06RDRP003	89 415 938,07	0,00	89 415 938,07	0,00	89 415 938,07	89 417 980,98	- 2 042,91
IT	2014IT06RDRP004	18 122 138,89	0,00	18 122 138,89	0,00	18 122 138,89	18 294 985,47	- 172 846,58
IT	2014IT06RDRP005	53 086 259,62	0,00	53 086 259,62	0,00	53 086 259,62	53 089 039,13	- 2 779,51
IT	2014IT06RDRP006	19 032 658,36	0,00	19 032 658,36	0,00	19 032 658,36	19 036 099,08	- 3 440,72
IT	2014IT06RDRP007	72 808 712,33	0,00	72 808 712,33	0,00	72 808 712,33	72 807 941,30	771,03
IT	2014IT06RDRP008	34 954 178,73	0,00	34 954 178,73	0,00	34 954 178,73	34 968 959,85	- 14 781,12
IT	2014IT06RDRP009	56 379 034,78	0,00	56 379 034,78	0,00	56 379 034,78	56 380 542,81	- 1 508,03
IT	2014IT06RDRP010	48 759 164,60	0,00	48 759 164,60	0,00	48 759 164,60	48 760 712,98	- 1 548,38
IT	2014IT06RDRP011	11 799 306,42	0,00	11 799 306,42	0,00	11 799 306,42	11 798 825,40	481,02
IT	2014IT06RDRP012	41 180 865,44	0,00	41 180 865,44	0,00	41 180 865,44	41 190 740,63	- 9 875,19
IT	2014IT06RDRP013	10 740 063,09	0,00	10 740 063,09	0,00	10 740 063,09	10 740 754,19	- 691,10
IT	2014IT06RDRP014	75 317 521,63	0,00	75 317 521,63	0,00	75 317 521,63	75 317 522,66	- 1,03
IT	2014IT06RDRP015	14 863 900,58	0,00	14 863 900,58	0,00	14 863 900,58	14 864 045,65	- 145,07
IT	2014IT06RDRP016	82 657 898,24	0,00	82 657 898,24	0,00	82 657 898,24	82 657 899,43	- 1,19
IT	2014IT06RDRP017	49 408 940,62	0,00	49 408 940,62	0,00	49 408 940,62	49 415 784,19	- 6 843,57
IT	2014IT06RDRP018	87 213 271,41	0,00	87 213 271,41	0,00	87 213 271,41	87 213 270,11	1,30
IT	2014IT06RDRP019	170 182 045,04	0,00	170 182 045,04	0,00	170 182 045,04	170 313 377,32	- 131 332,28
IT	2014IT06RDRP020	144 402 628,15	0,00	144 402 628,15	0,00	144 402 628,15	144 500 475,77	- 97 847,62
IT	2014IT06RDRP021	212 879 459,34	0,00	212 879 459,34	0,00	212 879 459,34	212 958 700,32	- 79 240,98
LT	2014LT06RDNP001	188 998 059,39	0,00	188 998 059,39	0,00	188 998 059,39	188 998 120,66	- 61,27
LU	2014LU06RDNP001	17 494 528,88	0,00	17 494 528,88	0,00	17 494 528,88	17 433 590,97	60 937,91
LV	2014LV06RDNP001	124 088 703,79	0,00	124 088 703,79	0,00	124 088 703,79	124 088 703,79	0,00

In Euro

BS	CCI	Caiteachas 2021	Ceartúcháin	Iomlán	Méideanna neamh-inathúsáidte	Méid glactha atá imréitithe le haghaidh bhliain airgeadais 2021	Íocaíochtaí eatramhacha a aisíocadh leis an mBallstát le haghaidh na bliana airgeadais lena n-áirítear imréiteach réamh-mhaoiniúcháin	An méid atá le gnóthú ón mBallstát (-) nó le híoc leis (+)
		i	ii	iii = i + ii	iv	v = iii - iv	vi	vii = v - vi
MT	2014MT06RDNP001	14 959 997,15	0,00	14 959 997,15	0,00	14 959 997,15	14 960 127,48	- 130,33
NL	2014NL06RDNP001	163 085 847,51	0,00	163 085 847,51	0,00	163 085 847,51	163 176 239,41	- 90 391,90
PL	2014PL06RDNP001	1 419 048 804,01	0,00	1 419 048 804,01	0,00	1 419 048 804,01	1 419 023 664,03	25 139,98
PT	2014PT06RDRP001	38 689 614,57	- 600,06	38 689 014,51	0,00	38 689 014,51	38 683 183,96	5 830,55
PT	2014PT06RDRP002	341 559 375,09	0,00	341 559 375,09	0,00	341 559 375,09	341 347 046,72	212 328,37
PT	2014PT06RDRP003	20 560 085,12	0,00	20 560 085,12	0,00	20 560 085,12	20 556 265,27	3 819,85
RO	2014RO06RDNP001	1 215 140 732,64	- 2 490,93	1 215 138 241,71	0,00	1 215 138 241,71	1 215 146 767,53	- 8 525,82
SE	2014SE06RDNP001	318 238 375,55	0,00	318 238 375,55	0,00	318 238 375,55	319 477 383,03	- 1 239 007,48
SI	2014SI06RDNP001	119 116 667,31	0,00	119 116 667,31	0,00	119 116 667,31	119 116 714,83	- 47,52
SK	2014SK06RDNP001	146 840 390,27	- 7 861 155,51	138 979 234,76	0,00	138 979 234,76	138 967 357,76	11 877,00

IARSCRÍBHINN II

Imréiteach chuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta

Bliain airgeadais 2021 – CETFT

Ceartúcháin de réir Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013

		Ceartúcháin a bhaineann leis an gClárthréimhse 2014-2020		Ceartúcháin a bhaineann leis an gClárthréimhse 2007-2013	
Ballstát	Airgeadra	San Airgeadra náisiúnta	In Euro	San Airgeadra náisiúnta	In Euro
AT	EUR	0,00	0,00	0,00	0,00
BE	EUR	0,00	849,69	0,00	25 437,30
BG	BGN	63 722,95	0,00	5 648 283,38	0,00
CY	EUR	0,00	0,00	0,00	30 370,38
CZ	CZK	55,70	0,00	229 050,34	0,00
DE	EUR	0,00	4 803,37	0,00	126 607,65
DK	DKK	95 830,32	0,00	31 691,36	0,00
EE	EUR	0,00	26 040,66	0,00	56 899,89
ES	EUR	0,00	2 217,81	0,00	335 499,82
FI	EUR	0,00	2 595,35	0,00	20 658,00
FR	EUR	0,00	968,57	0,00	139 117,24
EL	EUR	0,00	4 543,20	0,00	483 869,34
HR	HRK	303 465,11	0,00	0,00	0,00
HU	HUF	0,00	0,00	161 504 466,00	0,00
IE	EUR	0,00	10 351,45	0,00	202 144,21
IT	EUR	0,00	24 442,78	0,00	1 187 628,88
LT	EUR	0,00	0,00	0,00	252 056,35
LU	EUR	0,00	0,00	0,00	8 995,97
LV	EUR	0,00	5 934,18	0,00	336 603,86
MT	EUR	0,00	54,97	0,00	52 959,41
NL	EUR	0,00	132,63	0,00	217,90
PL	PLN	90 733,65	0,00	9 780 712,48	0,00
PT	EUR	0,00	79 100,01	0,00	2 809 533,67
RO	RON	2 242,29	0,00	49 962 135,22	0,00
SE	SEK	3 945,72	0,00	149 932,67	0,00
SI	EUR	0,00	370,66	0,00	186 075,08
SK	EUR	0,00	0,00	0,00	2 211 705,20

IARSCRÍBHINN III

Imréiteach chuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta

Bliain airgeadais 2021 – CETFT

Laghduithe le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí i gcomhréir le hAirteagal 75(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013

In Euro

BS	CCI	Laghduithe le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí i gcomhair bhliain airgeadais 2021
AT	2014AT06RDNP001	0,00
BE	2014BE06RDRP001	0,00
BE	2014BE06RDRP002	0,00
BG	2014BG06RDNP001	0,00
CY	2014CY06RDNP001	0,00
CZ	2014CZ06RDNP001	0,00
DE	2014DE06RDRN001	0,00
DE	2014DE06RDRP003	0,00
DE	2014DE06RDRP004	0,00
DE	2014DE06RDRP007	0,00
DE	2014DE06RDRP010	0,00
DE	2014DE06RDRP011	0,00
DE	2014DE06RDRP012	0,00
DE	2014DE06RDRP015	0,00
DE	2014DE06RDRP017	0,00
DE	2014DE06RDRP018	75 422,51
DE	2014DE06RDRP019	0,00
DE	2014DE06RDRP020	0,00
DE	2014DE06RDRP021	0,00
DE	2014DE06RDRP023	0,00
DK	2014DK06RDNP001	272 338,01
EE	2014EE06RDNP001	0,00
ES	2014ES06RDNP001	0,00
ES	2014ES06RDRP001	1 449 034,60
ES	2014ES06RDRP002	0,00
ES	2014ES06RDRP003	0,00
ES	2014ES06RDRP004	0,00
ES	2014ES06RDRP005	0,00
ES	2014ES06RDRP006	0,00
ES	2014ES06RDRP007	33 488,64
ES	2014ES06RDRP008	0,00
ES	2014ES06RDRP009	0,00
ES	2014ES06RDRP010	0,00

In Euro

BS	CCI	Laghduithe le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí i gcomhair bhliain airgeadais 2021
ES	2014ES06RDRP011	0,00
ES	2014ES06RDRP012	0,00
ES	2014ES06RDRP013	383 968,72
ES	2014ES06RDRP014	0,00
ES	2014ES06RDRP015	0,00
ES	2014ES06RDRP016	0,00
ES	2014ES06RDRP017	1 442,71
FI	2014FI06RDRP001	0,00
FI	2014FI06RDRP002	0,00
FR	2014FR06RDNP001	0,00
FR	2014FR06RDRN001	0,00
FR	2014FR06RDRP001	60 570,12
FR	2014FR06RDRP002	27 455,16
FR	2014FR06RDRP003	56 100,14
FR	2014FR06RDRP004	0,00
FR	2014FR06RDRP006	0,00
FR	2014FR06RDRP011	74 117,45
FR	2014FR06RDRP021	0,00
FR	2014FR06RDRP022	0,00
FR	2014FR06RDRP023	508,30
FR	2014FR06RDRP024	0,00
FR	2014FR06RDRP025	0,00
FR	2014FR06RDRP026	0,00
FR	2014FR06RDRP031	249 288,94
FR	2014FR06RDRP041	0,00
FR	2014FR06RDRP042	0,00
FR	2014FR06RDRP043	0,00
FR	2014FR06RDRP052	0,00
FR	2014FR06RDRP053	0,00
FR	2014FR06RDRP054	0,00
FR	2014FR06RDRP072	0,00
FR	2014FR06RDRP073	0,00
FR	2014FR06RDRP074	0,00
FR	2014FR06RDRP082	0,00
FR	2014FR06RDRP083	0,00
FR	2014FR06RDRP091	0,00
FR	2014FR06RDRP093	0,00
FR	2014FR06RDRP094	190 246,95
EL	2014GR06RDNP001	0,00
HR	2014HR06RDNP001	0,00

In Euro

BS	CCI	Laghduithe le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí i gcomhair bhliain airgeadais 2021
HU	2014HU06RDNP001	4 583 385,63
IE	2014IE06RDNP001	0,00
IT	2014IT06RDNP001	0,00
IT	2014IT06RDRN001	0,00
IT	2014IT06RDRP001	0,00
IT	2014IT06RDRP002	0,00
IT	2014IT06RDRP003	0,00
IT	2014IT06RDRP004	0,00
IT	2014IT06RDRP005	0,00
IT	2014IT06RDRP006	0,00
IT	2014IT06RDRP007	0,00
IT	2014IT06RDRP008	0,00
IT	2014IT06RDRP009	0,00
IT	2014IT06RDRP010	44 535,77
IT	2014IT06RDRP011	0,00
IT	2014IT06RDRP012	0,00
IT	2014IT06RDRP013	0,00
IT	2014IT06RDRP014	0,00
IT	2014IT06RDRP015	0,00
IT	2014IT06RDRP016	0,00
IT	2014IT06RDRP017	0,00
IT	2014IT06RDRP018	0,00
IT	2014IT06RDRP019	0,00
IT	2014IT06RDRP020	0,00
IT	2014IT06RDRP021	0,00
LT	2014LT06RDNP001	0,00
LU	2014LU06RDNP001	0,00
LV	2014LV06RDNP001	0,00
MT	2014MT06RDNP001	0,00
NL	2014NL06RDNP001	0,00
PL	2014PL06RDNP001	0,00
PT	2014PT06RDRP001	0,00
PT	2014PT06RDRP002	0,00
PT	2014PT06RDRP003	0,00
RO	2014RO06RDNP001	0,00
SE	2014SE06RDNP001	0,00
SI	2014SI06RDNP001	0,00
SK	2014SK06RDNP001	985 756,19